



Coiste na Gaeilge Cruinniú Dé hAoine, 18 Nollaig 2020 ag 10.00am Ar líne – Zoom	Irish Language Committee Meeting Friday 18th December 2020, at 10.00am Online – Zoom
MIONTUAIRISCÍ	MINUTES
I láthair: • Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó Murchadha • Rúnaí an Choláiste – John Coman • Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis Brennan • Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac Cárthaigh • Ionadaí Chláraitheoir na Seomraí – An Dr Dónall Mac Dónaill • Ionadaí na Comhairle – An Dr Damian Murchan • Leas-Reachtair an Chumann Ghaelaigh – Róisín Ní Fhallúin • Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí) • An Leabharlann – Nicole Seabrook	Present: • Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha • Secretary to the College – John Coman • Representative of Board – Professor Louis Brennan • Department of Irish & Celtic Languages – An Dr Eoin Mac Cárthaigh • Registrar of Chambers nominee – Dr Dónall Mac Dónaill • Representative of Council – Dr Damian Murchan • Vice-Auditor of An Cumann Gaelach – Róisín Ní Fhallúin • Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary) • Library – Nicole Seabrook
1. Ballraíocht & Leithscéalta: • Ionadaí na nDéan – An Dr Anthony O'Connor • Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon • Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Gretchen Nic Sheanlaoich • Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – Laoise Quinn • An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – folamh	1. Membership & Apologies: • Faculty Dean representative – Dr Anthony O'Connor • Graduate Students' Union – Gisèle Scanlon • Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Students' Union Irish Language Officer – Gretchen Nic Sheanlaoich • Faculty of Engineering, Mathematics and Science – Laoise Quinn • Administrative and Support Area – vacant
2. Ballraíocht Cuireadh fáilte roimh bhaill nua an Choiste, an Dr Dónall Mac Dónaill atá ainmnithe ag Cláraitheoir na Seomraí, agus Gretchen Nic Sheanlaoich, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn. Tá an próiseas maidir le duine a ainmniú don Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta ar bun agus táthar ag súil go mbeadh an t-ionadaí nua ag an gcéad chruinniú eile.	2. Membership New members to the Coiste were welcomed; Dr Dónall Mac Dónaill nominated by the Registrar of Chambers, and Gretchen Nic Sheanlaoich, the Students' Union Irish Language Officer. The process of nominating a person for the Administration and Support Area is underway and it is hoped that the new representative will be at the next meeting.
3. Miontuairiscí	3. Minutes

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 7 Bealtaine 2020. 4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga Luadh go bhfuil moill ar an bpróiseas leis an mBille Teanga nua a fhoilsiú agus go bhfuil thart ar 300 leasú molta di. Tá sí le foilsiú anois sa bhliain nua. Maidir leis an gceathrú Scéim Teanga, tá dhá chéim den phróiseas comhairliúcháin curtha i gcrích: a) tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur faoi bhráid; b) scaipeadh suirbhé ar mhic léinn agus ar bhaill foirne na hollscoile. Tá sé i gceist an chéim dheireanach a chur i gcrích ag tús an téarma teagaisc nua le cruinniú poiblí do phobal na hollscoile. Beidh an suirbhé oscailte go dtí 5pm ar an gCéadaoin, an 23 Nollaig, agus iarrtar ar bhaill an t-eolas sin a scaipeadh agus a gcuid tuairimí féin a chur in iúl. Tá Roinn na Gaeltachta ar an eolas go bhfuil an ollscoil i mbun oibre ar an Scéim nua.	The minutes of the meeting held on 7th May 2020 were approved. 4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme It was noted that the process of publishing the new Irish Language Bill has been delayed and that some 300 amendments have been proposed for it. It is now due to be published in the new year. In relation to the fourth Language Scheme, two stages of the consultation process have been completed: a) interested parties have been invited to make submissions; b) a survey was circulated to students and staff of the university. It is intended to complete the final phase at the beginning of the new teaching term with a public meeting for the university community. The survey will remain open until 5pm on Wednesday 23rd December and members are invited to disseminate that information and to share their own views. The Department of the Gaeltacht is aware that the university is working on the new scheme.
5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige. Scéim Cónaithe 2020/21 Reáchtáladh agallaimh na Scéime Cónaithe go hiomlán ar líne i mbliana. Cuireadh thart ar 40 mac léinn faoi agallamh do Scéim an Champais/na Dara Bliana (18 spás) agus thart ar 32 mac léinn faoi agallamh do Scéim na Chéad Bhliana (12 spás). Gabhadh buíochas le Tom Hayes ó na Seirbhísí TF a thug tacaíocht le húsáid Microsoft Teams agus leo sin a bhí ar na painéil agallaimh. D'éirigh roinnt mac léinn as an Scéim nuair a fógraíodh Leibhéal 3 de shrianta COVID-19 ach líonadh an 30 spás ar an Scéim do Théarma na Féile Michíl. De ghnáth bíonn dualgas ar mhic léinn an champais a bheith i bhfeighil ar Sheomra na Gaeilge ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh i mbliana. Cuireadh tús leis an bhfeachtas “Gaelchara” inar meaitseáladh na mic léinn ar an gcampas leis na mic léinn sa chéad bhliain agus bhí ról ag mic léinn an champais ag cur comhairle, treorach agus tacaíochta ar fáil. I measc na dtionscadal Scéime a cuireadh i gcrích sa téarma bhí físeáin agus oidis chócaireachta, an feachtas bliantúil “Daonra na Scéime” ar Instagram, físeán le mic léinn Scéim Cónaithe UCD, ócáid “Gairmeacha le Gaeilge” leis na haochainteoirí Caitlín Nic Aoidh (TG4), Ciarán Wadd (Conradh na Gaeilge agus céimí Choláiste na Tríonóide) agus	5. Report of the Irish Language Officer The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office. 2020/21 Residency Scheme Residency Scheme interviews were conducted entirely online this year. Approximately 40 students were interviewed for the Campus/Second Year Scheme (18 spaces) and approximately 32 students were interviewed for the First Year Scheme (12 spaces). Thanks were extended to Tom Hayes of IT Services who supported the use of Microsoft Teams and to those who assisted on the interview panels. Some students withdrew from the Scéim when Level 3 of the COVID-19 restrictions were announced but all 30 spaces on the Scéim were filled for Michaelmas Term. Students on campus are usually responsible for monitoring Seomra na Gaeilge but this was not possible this year. A “Gaelchara” campaign was launched in which the students on campus were matched with first-year students, and the campus students played a role in providing advice, guidance and support. Among the Scéim projects completed this term were cooking videos and recipes, the annual “Humans of the Scéim” Instagram campaign, a video with UCD Residency Scheme students, a “Careers with the Irish language” event with guest speakers Caitlín Nic Aoidh (TG4), Ciarán Wadd (Conradh na Gaeilge and Trinity graduate) and Cecily Nic Cionnaith

Cecily Nic Cionnaith (an comhlacht “Gaeilgheansaí”), agus eagarthóireacht ar an irisleabhar dar teideal Dánacht <http://www.danacht.com/>. Bhí an Oíche Léiriúcháin ar líne ar an Luan, an 14 Nollaig.

Cuireadh mac léinn dara bliana ar an Scéim i Halla na Tríonóide faoi agallamh sa nuachtán Trinity News <http://trinitynews.ie/2020/11/an-sceim-conaithe-i-gcolaiste-na-trionoide/>.

Ranganna Gaeilge

Aontaíodh conradh nua le Gaelchultúr chun ranganna a chur ar fáil i mbliana. Iarradh ar thrí chomhlacht meastachán a chur ar fáil ach ní bhfuarthas ach ceann ó Gaelchultúr. Baineann costas níos mó leo i mbliana agus iad ar líne. Bhí na ranganna ar siúl ar feadh ocht n-uair an chloig in iomlán ar feadh sé seachtaine agus bhí ceithre leibhéal ar fáil (A1, A2, B1, B2). Bhí an-chuid éilimh orthu agus líonadh 160 spás laistigh de chúpla uair an chloig. Eagraíodh seisiún eolais ar líne in éineacht le Stiúrthóir Gaelchultúr ag tús an téarma.

Cuireadh rang tosaitheora Gaeilge ar líne ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta ag tús an téarma nuair a bhí siad ag féin-aonrú tar éis taisteal ó thar lear.

Ciorcal Comhrá

Tá ag éirí go maith leis an gciorcal comhrá ar líne mar go dtugann sé deis do dhaoine ó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bheith páirteach ann. Glacann mic léinn na Scéime i Halla na Tríonóide páirt ann chomh maith. Tá aiseolas dearfach faighte ó na rannpháirtithe mar nach mbíonn mórán deiseanna acu an Ghaeilge a labhairt níos mó in aimsir na paidnéime.

Bhí thart ar 30 duine i láthair ag Pop-Up Gaeltacht ar líne ar an 7 Nollaig ag a raibh taispeántais cheoil, amhránaíochta, agus filíochta.

Oíche Chultúir

Reáchtáladh turas Gaeilge ar an gcampas ar an Aoine, an 18 Meán Fómhair 2020. Mhol an eagraíocht Oíche Chultúir gan ach turas amháin a thabhairt. Rinne an tOifigeach Gaeilge treorú ar an turas seachas na mic léinn. Ceadaiódh cúigear déag ar an turas.

Lá Oscailte

Bhí go leor ullmhúcháin i gceist chun eolas faoin nGaeilge a chur ar fáil don Lá Oscailte fíorúil ar an 7 Samhain 2020. Ullmhíodh cur i láthair taifeadta a cuireadh ar fáil ar an suíomh gréasáin tiomnaithe <https://www.tcd.ie/openday/student-support/>. Ina theannta sin, cuireadh leagan Gaeilge den turas fíorúil ar an gcampas ar fáil <https://www.tcd.ie/openday/virtual-tours/> le guthú ó

(founder of “Gaeilgheansaí”), and the creation of an online magazine ‘Dánacht’ <http://www.danacht.com/>. The Scéim presentation night was held online on Monday, December 14th.

A second year student on the Scéim in Trinity Hall was interviewed for an article in Trinity News <http://trinitynews.ie/2020/11/an-sceim-conaithe-i-gcolaiste-na-trionoide/>.

Irish Language Classes

A new contract was agreed with Gaelchultúr to provide classes for this academic year. Three companies were asked to provide an estimate but only one was received, from Gaelchultúr. There is a higher cost this year with them being online. The classes ran for 8 hours per week for six weeks, and four levels were available (A1, A2, B1, B2). There was a very large demand for them, and all 160 spaces were filled within a few hours. An online information session was organized with the Director of Gaelchultúr at the beginning of the term.

An online beginners' Irish class was offered to international students at the beginning of term when they were self-isolating after traveling from abroad.

Conversation Circle

The online conversation circle is proving successful as it allows people from outside of Dublin to get involved. Scéim students in Trinity Hall also participate. Positive feedback has been received from participants as they no longer have many opportunities to speak Irish during the pandemic.

Approximately 30 people attended an online Pop-Up Gaeltacht on 7th December which featured music, songs, and poetry performances.

Culture Night

An Irish language tour was held on campus on Friday, 18th September 2020. The Culture Night organisation recommended holding only one tour. The Irish Language Officer led the tour rather than the students. Fifteen people were permitted on the tour.

Open Day

Much preparation was undertaken to provide information on the Irish language for the virtual Open Day on 7th November 2020. A recorded presentation was prepared and made available on the dedicated Open Day website <https://www.tcd.ie/openday/student-support/>. In addition, an Irish language version of the virtual campus tour was prepared with student voiceovers <https://www.tcd.ie/openday/virtual-tours/>. The Irish

mhic léinn. D'fhreagair an tOifigeach Gaeilge agus beirt mhac léinn ceisteanna beo ar líne ar an lá. Ard-Choimisiún na Banglaidéise i Londain Tá an tOifigeach Gaeilge agus Roinn na Gaeilge ag comhoibriú le hArd-Choimisiún na Banglaidéise i Londain maidir le haistriúchán Gaeilge a dhéanamh ar óráid stairiúil a thug bunaitheoir na tíre ar an 7 Márta 1971 a spreag an troid ar son neamhspleáchas na Banglaidéise. Rinne céimí de chuid na Roinne, Ross Coleman, an t-aistriúchán agus tá an Dr Eoin Mac Cárthaigh i mbun athbhreithnithe air faoi láthair. Tá sé i gceist an téacs a sheoladh ag ócáid comórtha speisialta ar an 8 Eanáir 2021. Tuairisc Airgeadais Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2019 go Meán Fómhair 2020 (12 mí) ar fáil. Caitheadh €102,469.36 in iomlán ar ábhair phá agus ar ábhair neamhphá. Is ionann an buiséad tuartha don bhliain 2020/21 agus €106,456.00. Níor caitheadh airgead ar thionscadail áirithe i mbliana de bharr shrianta an choróinviris. Beidh sé dúshlánach cloí leis an mbuiséad mar go mbeidh na costais a bhaineann le roinnt de na tionscadail sin i gceist i mbliana, chomh maith le costais bhreise a bhaineann leis na ranganna a bheith ar líne, an Scéim Teanga nua (e.g. fógraíocht, aistriúchán, priontáil), srl.	Language Officer and two students answered questions online on the day. Bangladesh High Commission in London The Irish Language Officer and the Discipline of Irish are working with the Bangladesh High Commission in London on the translation into Irish of a historic speech given by the country's founding father on 7th March 1971 which inspired the fight for Bangladesh's independence. The translation was carried out by a graduate of the Discipline, Ross Coleman, and is currently under review by Dr Eoin Mac Cárthaigh. It is planned to launch the text at a special commemorative event on January 8, 2021. Financial Report A financial account for the period October 2019 to September 2020 (12 months) was provided. A total of €102,469.36 was spent on pay and non-pay items. The projected budget for the year 2020/21 is €106,456.00. Funds were not spent on certain projects this year due to the coronavirus restrictions. It will be challenging to stay within budget as some of the costs relating to these projects will apply this year, as well as additional costs associated with the online classes, the new Language Scheme (e.g. advertising, translation, printing), etc.
6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh Rinne an Leas-Reachtair cur síos ar obair an Chumainn sa téarma seo: - Tá os cionn 500 ball cláraithe i mbliana go dtí seo agus is cabhair mhór í gur féidir clárú ar líne anois. - Leanadh leis an ngnáthfhéilire imeachtaí le blianta eile ach iad a bheith ar líne e.g. bíonn imeachtaí rialta gach tráthnóna Máirt agus gach Céadaoin ag am lóin. - Cuireadh go leor imeachtaí ar siúl do Sheachtain na bhFreisear i gcomhpháirtíocht le cumainn eile cosúil leis an gCumann Ióga, AML, an Cumann Bia & Deoch, an Cumann Ceoil, srl. - Reáchtáladh Lá na Gaeilge ar an 2 Deireadh Fómhair agus féile na Samhna ar an 3 Samhain, agus go leor ócáidí eile le linn an téarma le haoichainteoirí éagsúla. Cheadaigh na himeachtaí ar líne don Chumann comhoibriú le cumainn Ghaelacha eile timpeall na tíre agus le Comunn Oiseanach Oilthigh Ghlaschu. - Tá iarracht mhór ar bun chun a bheith an-ghníomhach ar na meáin agus roinntear ábhar ar	6. An Cumann Gaelach Report The Vice-Auditor reported on the society's work this term: - Over 500 members have registered so far this year and it is very significant that online registration is now available. - The normal calendar of events as per other years was continued this term e.g. there is a regular event every Tuesday evening and every Wednesday at lunchtime. - A full programme of events were held for Freshers' Week in partnership with other societies such as the Yoga Society, the SU, the Food & Drink society, DU Music, etc. - Lá na Gaeilge was held on 2nd October and the 'Samhain' festival on 3rd November, and many other events during the term with various guest speakers. The online events allowed the Cumann to collaborate with other Irish language societies around the country and with the University of Glasgow's Gàidhlig society.

chuntais TikTok, Spotify agus Discord de chuid an Chumainn i mbliana. • D'éirigh go maith le ceithre chomórtas a reáchtáladh ar líne chun daoine a spreagadh chun eolas faoin gCumann agus a chuid imeachtaí a roinnt. • Tá clár raidió seachtainiúil ag an gCumann ar Raidió RíRá. Tugtar deis do bhaill an choiste agus do ghnáthbhaill araon é a chur i láthair. • Tá comórtas scríbhneoireachta á eagrú le tacaíocht ó Chiara Ní É agus Eoin McEvoy ón ngrúpa Aerach.Aiteach.Gaelach. Táthar ag spreagadh mic léinn chun ailt agus filíocht a bhaineann lena n-eispéiris LADTA+ a chumadh. Foilseofar na hiontrálacha in iris an Chumainn, <i>Tuathal</i>. Cuireadh an cheist an bhféadfaí leanúint le roinnt de himeachtaí ar líne tar éis na paindéime agus aontaíodh gur modh éifeachtach atá ann chun comhoibriú le daoine lasmuigh den ollscoil cosúil le cumainn Ghaelacha in ollscoileanna eile.	• A large effort is underway to be very active on social media and the society shares content on its TikTok, Spotify and Discord accounts this year. • Four online competitions to encourage people to share information about the Cumann and its events were successful. • The Cumann has a weekly radio show on Raidió RíRá. Both Committee members and ordinary members are given the opportunity to present the show. • A writing competition is being organized with the support of Ciara Ní É and Eoin McEvoy from the group Aerach.Aiteach.Gaelach (Gay.Queer.Gaelic). Students are encouraged to submit articles and poetry related to their LGBTQ+ experiences. Entries will be published in the Cumann's next edition of its magazine 'Tuathal'. It was asked whether a number of online events could be continued after the pandemic and it was agreed that it was an effective way of collaborating with people outside the university such as Irish language societies in other universities.
7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn Ní raibh Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn i láthair ag an gcruinniú ach cuireadh tuairisc scríofa ar fáil agus rinne an Cathaoirleach tagairt di sin. • Tá feachtas nua ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) dar teideal 'Bonn na Gaeilge' chun aitheantas a thabhairt don obair atá ar bun ag Aontais Mhic Léinn chun an Ghaeilge a úsáid mar chuid d'obair laethúil na heagraíochta. Tá bonn óir, airgid agus cré-umha i gceist agus ní mór méid áirithe gníomhartha a chur i gcrích chun aon cheann de na boinn a bhaint amach. Tá Aontas na Mac Léinn i gColáiste na Tríonóide ag obair chun aitheantas a bhaint amach faoin scéim seo. Tá roinnt de na gníomhartha i bhfeidhm cheana féin agus tá obair ar bun chun tuilleadh a bhaint amach. • Tá iarracht ar bun chun an Ghaeilge a bheith in úsáid níos mó ar mheáin shóisialta an Aontais: - Reáchtáladh an feachtas #AnFocallsFearr do Lá na Gaeilge agus bhí uachtarán an Aontais páirteach ann.	7. Students' Union Report The SU Irish Language Officer was not present but provided a written report account which the Chairperson referred to. • The Union of Students in Ireland has a new campaign named 'Bonn na Gaeilge' to recognise the work done by Students' Unions to incorporate Irish into the daily work of the organisation. It offers a gold, silver and bronze medal, and a certain amount of actions must be undertaken to be receive a medal. Trinity's SU is working towards achieving recognition under this scheme. Many of the actions are already in place and work is underway to implement further actions. • Efforts are being made to increase the use of Irish on the SU's social media: - The #AnFocallsFearr campaign was organised for Lá na Gaeilge and the SU president took part. - Each time the Union runs a campaign week, specific terminology related to that campaign is shared in Irish.

- Gach uair a bhíonn seachtain feachtais ar siúl ag an Aontas, roinntear téarmaíocht ar leith a bhaineann leis an bhfeachtas sin i nGaeilge. • Scaipeadh suirbhé ar mhic léinn chun tuiscint a fháil ar cad atá á lorg acu ón Aontas i dtaobh na Gaeilge de. Tugadh le fios sna torthaí go bhfuil spéis ag mic léinn freastal ar ranganna Gaeilge agus nach bhfuil go leor feachtas ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Tá sé i gceist aghaidh a thabhairt ar an gceist sin i dTéarma na Féile Bríde. • Ghlac Comhairle an Aontais le rún chun Coiste Gaeilge a chur ar bun. Tá dháréag ar an gCoiste, lena n-áirítear Uachtarán, Oifigeach Cumarsáide agus Oifigeach Gaeilge an Aontais. Tá sé mar aidhm leis an gCoiste seo go mbeadh níos mó mac léinn ag idirghníomhú leis an Aontas ó thaobh na Gaeilge de. Beidh deis ag mic léinn imeachtaí a eagrú trí Ghaeilge agus a bheith páirteach i gcinntí an Aontais maidir leis an nGaeilge. • I measc na n-imeachtaí a reáchtáil an tAontas trí Ghaeilge bhí Ceardlann Clúdach, ciorcal comhrá 'Le Chéile ar Líne' d'fhoghlaimoirí agus Pop-Up Gaeltacht ar líne. • Rinne Cumann Mac Léinn na Garbhchríocha agus na nOileán in Albain teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge chun tuilleadh eolais a fháil ar chúrsaí teanga in AML Choláiste na Tríonóide. Roinneadh acmhainní leo chun cuidiú lena n-iarachtaí tacú leis an nGàidhlig. • Cuirtear aistriúcháin agus áiseanna teanga (teimpléid, srl.) ar fáil don ríomhphost seachtainiúil agus do na hoifigigh shabóideacha, go háirithe do Chomhairle na mac léinn. • Beidh Éigse na Tríonóide ar siúl ón 1-5 Márta i mbliana de bharr an athraithe ar an bhféilire acadúil.	• A survey was distributed to students to gain an understanding of what they expect from the SU in terms of the Irish language. The results indicated that students are interested in attending Irish classes and that there is not enough awareness of the services available through Irish. It is intended to address this in Hilary Term. • The SU Council has adopted a resolution to establish an Irish Language Committee. The Committee consists of twelve members, including the President, the Communications Officer and the Irish Language Officer. The aim of this Committee is to increase the number of students interacting with the SU on the Irish language. Students will have the opportunity to organise events through Irish and to participate in Union decisions regarding the Irish language. • Among the Irish language events organised by the SU were a Face Covering Workshop, a conversation circle 'Le Chéile ar líne' for learners of the language and an online Pop-Up Gaeltacht. • The Highlands and Islands Students' Association in Scotland has contacted the Irish Language Officer seeking information on Irish language matters in Trinity's SU. Resources were shared with them to assist their efforts to support the Gàidhlig language. • Translations and language resources (templates, etc.) are provided for the weekly email and for sabbatical officers, especially for the student council. • Éigse na Tríonóide will take place from 1-5th March this year due to the change in the academic calendar.
8. Seomra na Gaeilge Rinneadh teagmháil leis an Sparánaí, le hOifig na nEastát agus na Saoráidí agus leis an tSeirbhís Míchumais ón gcruinniú deireanach. Bhuail an Bainisteoir Pleanála Spáis agus an tOifigeach Pleanála Spáis leis an Oifigeach Gaeilge agus tugadh cuairt ar Sheomra na Gaeilge. Cuireadh in iúl don Oifigeach Gaeilge nach bhfuil spás oiriúnach, comhchosúil eile ar fáil ar an gcampas. Aontaíodh nach bhfreastalaíonn na hardaitheoirí eile san fhoirgneamh ar Sheomra na Gaeilge ar bhealach oiriúnach agus mhol an Bainisteoir Pleanála Spáis go rachfaí i dteagmháil arís leis an bhfoireann a phléann le tionscadail chaipitil san ollscoil chun staidéar féidearthachta a lorg don	8. Seomra na Gaeilge The Bursar, Estates and Facilities Office and the Disability Service were contacted since the last meeting. The Space Planning Manager and the Space Planning Officer met with the Irish Language Officer and visited Seomra na Gaeilge. The Irish Language Officer was informed that no other suitable, similar space is available on campus. It was agreed that the other lifts in the building do not accommodate Seomra na Gaeilge in an appropriate manner, and the Space Planning Manager recommended contacting the Capital Projects team again to seek a feasibility study. A

seomra. Táthar ag fanacht ar fhreagra ón fhoireann seo maidir le staidéar féidearthachta go fóill agus d'iarr an Coiste go rachfaí i dteagmháil leo arís.	response on a feasibility study has not yet been received and the Coiste requested that they are contacted again.
9. Diligent Boards	9. Diligent Boards
Tá na baill nua cláraithe ar an ardán agus tá fáil ag gach ball ar cháipéisí an Choiste air.	All new members are registered on the platform and all members have access to Coiste documents.
10. Aon ghnó eile	10. Any other business
Ní raibh aon ghnó eile.	There was no other business.